Dáta	Leibhéal ranga Rang a hAon agus Rang a Dó	Ábhar Tíreolaíocht
Snáithe Imshaoil Dhaonna	**Snáithaonad** Daoine a Chónaíonn agus a Shaothraíonn sa Cheantar Áitiúil	
Teideal Foghlaim faoi Aigéaneolaí a oibríonn sa phobal áitiúil		
Cuspóir(í) Is é aidhm an phlean ceachta ná go n-imscrúdóidh leanaí an obair a dhéanann daoine i láithreacha éagsúla sa dúiche. Éireoidh na daltaí eolach ar an raon oibre difriúla a dhéanann aigéaneolaithe.		
Scileanna atá Riachtanach Ceistiú, Taifeadadh agus Cumarsáid a dhéanamh.		

Cuspóirí foghlama	Gníomhaíochtaí foghlama
Cuirfear ar chumas an linbh: Grianghraf d'aigéaneolaí a scrúdú go mion agus buille faoi thuairim a thabhairt ón bhfianaise sa ghrianghraf faoin gcineál oibre a d'fhéadfadh an duine a dhéanamh. Foghlaim faoin bpost mar aigéaneolaí trí chur chuige atá treoraithe ag an múinteoir. Agallamh a dhéanamh le haigéaneolaí trí Skype nó, mar mhalairt air sin, trí ghníomhaíocht ina dtéann múinteoir i ról.	**Labhairt agus Plé:** Mínigh don rang go bhfuilimid ar tí foghlaim faoin obair a dhéanann duine éigin sa dúiche ach beidh ar na leanaí buille faoi thuairim a thabhairt faoin bpost atá ann. **Grianghraif agus Déantáin:** Taispeáin pictiúr d'aigéaneolaí ar obair. D'fhéadfadh poist eile a bhaineann le cúrsaí mara a chur isteach anseo ina áit, amhail feirmeoir éisc, iascaire, eolaí muirí, innealtóir aigéin nó tumadóir scúba. Cuir roinnt ceisteanna ar na leanaí chun leid a thabhairt dóibh faoin obair atá á déanamh ag an duine. Iarr orthu breithniú a dhéanamh ar chúlra an ghrianghraif (ar farraige), ar an ngníomhaíocht atá á déanamh ag an duine de réir cosúlachta, ar na héadaí atá air/uirthi etc. **Labhairt agus Plé:** Mínigh do na leanaí gur aigéaneolaí é an duine seo. Mínigh dóibh gur aigéaneolaí é duine a chabhraíonn linn tuiscint níos fearr a fháil ar aigéin an domhain. Tasc ollmhór atá ann mar go gclúdaíonn

	uisce níos mó de dhromchla an domhain ná a chlúdaíonn talamh. D'fhéadfadh na haigéaneolaithe sin breathnú ar an aigéan ina iomláine nó staidéar a dhéanamh ar na hainmhithe a mhaireann san aigéan. D'fhéadfadh siad úsáid a bhaint as innill speisialta chun turgnaimh a dhéanamh san aigéan freisin. D'fhonn treoir mhaith a fháil ar a bheith i d'aigéaneolaí/ar éirí i d'aigéaneolaí agus ar phoist mhuirí eile, féach "Oceans of Opportunity" arna fhoilsiú ag Foras na Mara. Déan cuardach ar an téarma "Marine Institute Oceans of Opportunity" chun cóip saor in aisce a íoslódáil ar líne. **Gníomhaíocht Fairsingithe:** Má tá áis Skype agat i do sheomra ranga, bheadh sé ina thasc an-tairbhiúil glao ar aigéaneolaí áitiúil nó ar bhitheolaí muirí a eagrú. D'fhéadfadh na leanaí ceisteanna a ullmhú agus agallamh a chur ar an duine. Mura bhfuil sí agat, d'fhéadfadh gníomhaíocht ina dtéann múinteoir i ról a úsáid. Glacann an múinteoir ról an aigéaneolaí agus freagraíonn sé/sí ceisteanna a chuireann an rang.
	Acmhainní Grianghraif (faoi iamh) Áis Skype Táscaire do mhúinteoir i ról (masc snorcail)
Difreáil Plé agus imscrúdú a dhéanamh, trí staidéir phraiticiúla go háirithe, ar cheann amháin nó ar níos mó ná ceann amháin de na gníomhaíochtaí tábhachtacha eacnamaíocha a dtugann daoine sa dúiche agus i gceantar codarsnach in Éirinn fúthu.	

Measúnú Breathnú agus Ceistiú ag an Múinteoir
Nascadh agus Comhtháthú Drámaíocht: Múinteoir i ról Teanga bhéil: Ní mór do na daltaí ceisteanna a cheapadh lena gcur ar an aigéaneolaí.

Grianghraif d'Aigéaneolaithe



Íomhá 1: Oibríonn aigéaneolaithe ag Foras na Mara ar na baoithe aimsire atá lonnaithe timpeall na hÉireann.

Baineann siad úsáid as na baoithe chun faisnéis a bhailiú faoin aimsir agus faoin aigéan - mar shampla, gluaiseacht agus airde na dtonn agus teocht na n-aigéan.

Íomhá 2: D'fhéadfadh aigéaneolaí oibriú mar eolaí muirí a dhéanann staidéar ar bhitheolaíocht mhuirí. Déanann eolaithe muirí nó bitheolaithe muirí staidéar ar ainmhithe a mhaireann san aigéan. Féadann eolaithe muirí oibriú ar mhórshoithí taighde ar nós an RV *Celtic Explorer* chun staidéar a dhéanamh ar na héisc a mhaireann san aigéan. Féadann siad oibriú sa tsaotharlann fhliuch ar an soitheach taighde chun a gcuid taighde a dhéanamh. Chomh maith leis sin, féadann siad oibriú in oifig (ar an talamh) mar a scríobhann siad chuig mórán daoine agus mar a labhraíonn siad le mórán daoine (amhail iascairí, eolaithe eile, daltaí agus an pobal) faoi na hainmhithe a bhfuil staidéar á dhéanamh acu orthu.



Íomhánna 3: Baineann eolaithe muirí úsáid as an bhFeithicil Chianoibrithe (ROV) *Holland 1* chun foghlaim faoi na hainmhithe agus faoin imshaol faoi bhun an aigéin. Tá sí ceangailte leis an Soitheach Taighde RV *Celtic Explorer* trí shreang an-fhada “imleacáin” agus rialaítear go cianda é ón soitheach - sa dóigh chéanna a n-úsáidtear cianrialtán ar chluiche. Féadann an píolóta an ROV a bhogadh thart faoin uisce agus féadann sé/sí samplaí a ghlacadh ach úsáid a bhaint as a géaga agus a pionsúir. Déanfaidh eolaithe muirí staidéar ar na samplaí ina dhiaidh sin agus iad ar ais sna saotharlanna.